



Imlitir 0014/2014

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna, Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna)

Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington) agus an tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2013

Cúntóirí Riachtanas Speisialta - go sainiúil na CRSanna sin a bhfuil an pointe deiridh ar an scála incriminteach sroichte acu cheana nó a shroichfidh an pointe deiridh ar an scála incriminteach roimh 31 Nollaig 2015

1. Is í aidhm na hImlitreach seo ná údaráis bhainistíochta, Príomhfheidhmeannaigh BOOanna agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) a chur ar an eolas faoin bhforfheidhmiú ar ailt 2.24 agus 2.25 de Chomhaontú Bhóthar Haddington (HRA).
2. Is é an dáta éifeachtúil d'fhorfheidhmiú na mbearta seo ná 1 Iúil 2013 ag teacht le forálacha an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013 agus Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington), ag féachaint d'alt 7 den Acht.
3. Chun críocha na hImlitreach seo, glactar leis gurb é is ciall le tuarastal ná tuarastal a chuimsíonn liúntais i nádúr pá ar liúntais inphinsin seasta tréimhsiúla iad.
4. Beidh forálacha na hImlitreach seo i bhfeidhm ar roinnteoírí oibre nó ar oibríthe páirtaimseartha ar bhonn pro-rata lena gcomparadóir coibhéise lánaimseartha (FTE).
5. Ba chóir a nótáil, má tá incrimintí fadseirbhíse (LSIanna) i bhfeidhm, go meastar gurb í an LSI deiridh an phointe dheiridh ar an scála incriminteach chun na críocha seo.
6. Don fhoireann sin ar thuarastail idir €35,000 agus €65,000 (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá), beidh na socrúithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Do bhaill foirne a shroich an pointe deiridh ar an scála incriminteach roimh 2013 nó le linn 2013, déanfar asbhaint airgid de €270 ón nglantuarastal. Is ionann é sin agus an glanluach ar leath den incrimint is déanaí.
- Do bhaill foirne a shroicheann an pointe deiridh i 2014, déanfar asbhaint airgid de €180 ón nglantuarastal. Is ionann é sin agus an glanluach ar thrian den incrimint is déanaí.
- Do bhaill foirne a shroicheann an pointe deiridh i 2015, déanfar asbhaint airgid de €135 ón nglantuarastal. Is ionann é sin agus an glanluach ar cheathrú den incrimint is déanaí.

Eolas maidir le Ranníocaíochtaí Tuarastail do Chúntóirí Riachtanas Speisialta:

7. Déanfar na ranníocaíochtaí airgid atá le baint den tuarastal a bhaint den ghlantuarastal sna cásanna uile (i.e. glan ar asbhaintí reachtúla lena n-áirítear Cáin agus Á.S.P.C., Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean srl.). Dá réir sin, rinneadh na ranníocaíochtaí mar atá luaite thuas a ríomh ar an oll-luach agus a laghdú faoi 62%.
8. Is ionann na ranníocaíochtaí atá ráite le déanamh ón tuarastal agus an ranníocaíocht iomlán atá de dhíth faoin bhforáil seo do théarma Chomhaontú Bhóthar Haddington (go dtí Iúil 2016).
9. Baileofar an asbhaint airgid ón tuarastal ar bhonn céimnithe thar 12 mhí.
10. Déan cinnte, le do thoil, go dtugtar cóipeanna den Imlitir seo chuig an mBord Bainistíochta/Bord Oideachais agus Oiliúna agus go dtarraingítear aird na CRSanna ar fad atá fostaithe agat, iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta san áireamh, ar ábhar na hImlitreach seo.
11. Is féidir an Imlitir seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi <http://www.education.ie>.

Ba chóir téarmaí na himlitreach seo a choimeád do chúiseanna iniúchta.

Padraig Maloney
Rannóg Párolla
31 Eanáir 2014